# Tuarascáil Bhliantúil an Choiste a Ceapadh chun Monatóireacht a dhéanamh ar Éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha 2021

*Tá cóip den tuarascáil seo ar fáil ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána www.garda.ie agus ar láithreán gréasáin Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig www.iyjs.ie*

**Biúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána**

Cearnóg Fhearchair,
Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2

www.garda.ie

# Clár Ábhar

Gluais Téarmaí 1
Teachtaireacht ón gCathaoirleach 3
Léargas Ginearálta ar an gCoiste 4
Achoimre Feidhmiúcháin 5
Struchtúr an GYDB 6
Léargas Ginearálta ar Staitisticí 7
Ceartas Aisiríoch 11
Tionscadail Athstiúrtha Óige 12
Meabhairshláinte Óige 15
Moltaí an Choiste Monatóireachta 16

# Gluais Téarmaí

| | | | |
|---|---|---|---|
| **BPDT** | Foireann Forbartha Dea-Chleachtais | **CBI** | Córas Bainistíochta Imscrúdaithe |
| **BPI** | Tionscnamh Dea-Chleachtais | **OIÓ** | Oifigeach Idirchaidrimh don Óige |
| **CBOR** | Ionadaí Eagraíochta Pobalbhunaithe | **KPI** | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
| **CIC** | Leanaí faoi Chúram | **PAF** | Creat Feidhmíochta agus Cuntasachta |
| **CMI** | Fardal Bainistíochta Cásanna | **PULSE** | Gardaí ag Úsáid na Mórchóras go hÉifeachtach |
| **RCBÁC** | Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath | **REPPP** | Taighde Fianaise ar Chláir Bheartais agus Tionscadal Cleachtais |
| **FPN** | Fógra Muirir Sheasta | **UTCO** | Mí-Oiriúnach sa Chás Seo Amháin |
| **GISC** | Ionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána | **YJOG** | Grúpa Maoirseachta Ceartais i leith an Aosa Óig |
| **GYDB** | Biúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána | **YJW** | Oibrí um Cheartas i leith an Aosa Óig |
| YDP | Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána | **YLS** | Seirbhís ar Leibhéal Óige |

## Rabhadh

Sainmhínítear rabhadh in Alt 25 1(a) de Chuid 4 d'Acht na Leanaí, 2001:

*"Ciallaíonn "rabhadh foirmiúil" rabhadh a thugtar do leanbh sa chás —*

*(a) níor tugadh aon rabhadh roimhe seo, nó*

*(b) tugadh rabhadh neamhfhoirmiúil nó foirmiúil amháin nó níos mó roimhe seo,*

*agus measann an Stiúrthóir go raibh iompar coiriúil an linbh den chineál sin nach bhféadfaí déileáil leis go leordhóthanach trí rabhadh neamhfhoirmiúil;*

*"Ciallaíonn "rabhadh neamhfhoirmiúil" rabhadh a thugtar do leanbh sa chás —*

*(a) níor tugadh aon rabhadh roimhe seo, nó*

*(b) tugadh rabhadh neamhfhoirmiúil amháin nó níos mó roimhe seo,*

*agus measann an Stiúrthóir nach raibh iompar coiriúil an linbh tromchúiseach a dhóthain go mbeadh rabhadh foirmiúil ag teastáil."*

## Comhdháil Alt 29

Sainmhínítear Comhdháil Alt 29 in Alt 29 i gCuid 4 d'Acht na Leanaí, 2001:

*'Ciallaíonn "comhdháil", maidir le leanbh, cruinniú a chuirtear ar bun de bhun na Coda seo le daoine a bhaineann le leas an linbh, agus beidh na feidhmeanna seo a leanas ag comhdháil den sórt sin:*

*(a) an leanbh a bhfuil an chomhdháil á cur ar bun dó/di, a t(h)uismitheoirí nó a c(h)aomhnóir, na daoine muinteartha, na gaolta agus na daoine eile siúd agus is cuí agus an t-éascaitheoir a thabhairt le chéile ag féachaint leis an méid seo a leanas a dhéanamh—*

> *(i) an fáth go raibh baint ag an leanbh a dheimhniú in iompar ar tugadh isteach é/í chuig an gClár dá dheasca,*
>
> *(ii) plé a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh na tuismitheoirí nó an caomhnóir, na daoine muinteartha, na gaolta nó aon duine eile cabhrú le cosc a chur ar an leanbh ó bhaint a bheith acu in aon iompar eile den sórt sin, agus*
>
> *(iii) sa chás gur cuí, athbhreithniú a dhéanamh ar iompar an linbh ó tugadh isteach é/í sa Chlár;'*

# Teachtaireacht ón gCathaoirleach

A Choimisinéir, a chara,

Is deas liom, mar chathaoirleach an Choiste Monatóireachta a ceapadh faoi alt 44(1) d'Acht na Leanaí, 2001, chun Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2021 a chur i láthair. Seo mo dhara bliain sa ról seo agus tugadh an deis dom chun idirchaidreamh a dhéanamh le Coiste Alt 44, Biúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána agus le páirtithe leasmhara seachtracha chun oibriú le chéile le monatóireacht a dhéanamh ar agus feabhas a chur ar éifeachtacht an Chláir.

Glacann an Clár Athstiúrtha le ról tábhachtach i dtaobh ár ndaoine óga a chosaint. Tacaíonn creat ceartais aisiríoch leis agus soláthraíonn an Clár Athstiúrtha sócmhainn ríthábhachtach straitéiseach don Gharda Síochána. Soláthraíonn an cur chuige seo deis uathúil don Gharda Síochána idirchaidreamh a dhéanamh le daoine óga agus tugann sé treoir agus tacaíocht dóibh chun dul i ngleic lena n-iompar agus roghanna dearfacha a dhéanamh. Is mian liom béim a leagan, i mo ról mar Chathaoirleach, ar an tsárobair atá á déanamh acu siúd go léir atá bainteach in oibriú an Chláir Athstiúrtha ar bhonn laethúil.

Cuireann an Coiste Monatóireachta tacaíocht ar fáil don Chlár Athstiúrtha le limistéir lena bhfeabhsú a shainaithint, moltaí a dhéanamh agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí siúd le héifeachtacht an Chláir a chothú i dtaobh leanaí agus daoine óga a athstiúradh ón gcoireacht. Tugtar chun solais sa Tuarascáil Bhliantúil na forbairtí a thit amach i rith na bliana agus aithnítear na dúshláin atá roimh an gClár faoi láthair agus cuireann sé staitisticí ar fáil maidir le feidhmiú an Chláir in 2021. I ndiaidh monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha tríd an idirchaidreamh a rinneamar leis an GYDB, sainaithníodh roinnt moltaí lena soláthar in 2022.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl don Ard-Cheannfort Quinn, an Ceannfort Finucane agus foireann iomlán an GYDB, agus do gach OIÓ as a dtiomantas leanúnach don Chlár Athstiúrtha Óige. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána as na staitisticí faoin gClár Athstiúrtha don bhliain 2021 a sholáthar. Ba mhian liom focail buíochais a chur in iúl d'fhoireann na YDPanna agus do na heagraíochtaí pobalbhunaithe atá freagrach as na YDPanna a sholáthar, as ucht a dtiomantais agus a ndúthrachta, faoi mar a léiríodh ina n-obair laethúil. Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le comhaltaí Choiste Monatóireachta Alt 44 as a dtacaíocht agus as an méid mór a chuir siad leis an gCoiste; an Dr Seán Redmond, an tArd-Cheannfort Quinn agus an Dr Salome Mbugua – b'álainn oibriú le lucht tacaíochta den scoth.

**Paula Hilman - Coimisinéir Cúnta**

**Cathaoirleach an Choiste Monatóireachta**

# Léargas Ginearálta ar an gCoiste

Foráiltear le hAlt 44 d'Acht na Leanaí, 2001 go gceaptar Coiste chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha.

Is iad téarmaí tagartha an Choiste:

- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné d'fheidhmiú an Chláir.
- Monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais oiliúna leanúnacha na n-éascaitheoirí.
- Tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána maidir leis na gníomhaíochtaí atá curtha i gcrích i rith na bliana.

## Is iad tascanna an Choiste ná an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Scrúdú a dhéanamh ar bhainistíocht agus ar sholáthar éifeachtach an Chláir Athstiúrtha.
2. Dea-chleachtais i riaradh an Chláir a aithint.
3. Dea-chleachtais a aithint maidir le hoiliúint éascaitheoirí agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar oiliúna.
4. Modheolaíochtaí a bhunú chun éifeachtacht an Chláir a mheas agus a thomhas.

## Is iad comhaltaí reatha an Choiste:

Tá **an Coimisinéir Cúnta Paula Hilman** freagrach as Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal laistigh den Gharda Síochána. Áirítear leis seo maoirseacht straitéiseach ar an GYDB. Ceapadh an Coimisinéir Cúnta Hilman mar Chathaoirleach an Choiste Mhonatóireachta in 2020.

Is comhalta coimisinéara í **an Dr Salome Mbugua** le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Tá taithí breis agus 20 bliain aici ar oibriú le grúpaí a ndéantar tearcionadaíocht dóibh, mná, leanaí agus daoine óga ach go háirithe, san Eoraip, an Afraic agus go hidirnáisiúnta. Is í an Dr Mbugua bunaitheoir AkiDwA.

Is Ollamh Taca Ceartais i leith an Aosa Óig é **an Dr Seán Redmond** sa Scoil Dlí ag Ollscoil Luimnigh. Státseirbhíseach é atá fostaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt, a tugadh ar iasacht don ollscoil.

Tá **an tArd-Cheannfort Colette Quinn** freagrach as an GYDB, lena n-áirítear portfóiliónna na hOifige Tionscadail Athstiúrtha Óige agus Chárta Aoise an Gharda Síochána agus ghlac sí lena ról in Eanáir 2018. D'fhóin sí roimhe seo mar Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha ó 2007 go 2017.

# Achoimre Feidhmiúcháin

## Struchtúr an GYDB agus ar Fud na Tíre

Is é an GYDB an oifig náisiúnta atá freagrach as an gClár Athstiúrtha a riar faoi Chuid 4 d’Acht na Leanaí, 2001.

## Staitisticí

Cuireann Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána staitisticí ar fáil don tuarascáil seo, ó shonraí PULSE amhail an 15 Márta 2022. Rinneadh 15,090 atreorú agus atreoraíodh 8,514 leanbh chuig an gClár Athstiúrtha in 2021.

## Tionscadail Athstiúrtha Óige

Is é cuspóir YDP an BPDT torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine óga a ghlacann páirt in YDPanna go náisiúnta trí thacaíocht leanúnach a sholáthar d’oibrithe, CBORanna agus an Garda Síochána maidir le seirbhís ardchaighdeáin YDP a sholáthar, atá bunaithe ar thaighde agus dea-chleachtas idirnáisiúnta. Leasaigh an tAire Stáit Athchóirithe Dlí, Ceartais i leith an Aosa Óig agus Inimirce, James Browne, TD, an teideal ó Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána go Tionscadail Athstiúrtha Óige i nDeireadh Fómhair 2021.

## Meabhairshláinte Óige


Rinne an GYDB, i gcomhar le hOspidéal Eoin Baiste, Clár nua Garchabhair Mheabhairshláinte Óige a fhorbairt agus a thabhairt isteach.

# Struchtúr an GYDB

Is é an GYDB an oifig náisiúnta atá freagrach as an gClár Athstiúrtha a riar faoi Chuid 4 d'Acht na Leanaí, 2001.

Ceapann an Coimisinéir Ceannfort Garda, Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha, ar a bhfuil freagracht reachtúil as cinneadh a dhéanamh faoi oiriúnacht linbh maidir le cead isteach a thabhairt chuig an gClár a thabhairt dó/di. Foráiltear do ról an Stiúrthóra faoi Alt 20 (1) d'Acht na Leanaí, 2001.

Leanann an GYDB ag oibriú go dlúth le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Foireann Forbartha Dea-Chleachtais Tionscadail Athstiúrtha an Gharda Síochána, eagraíochtaí óige agus páirtithe leasmhara eile chun dea-chleachtas i réimse an cheartais i leith an aosa óig a shainaithint, a roinnt agus a chur chun cinn.



# Léargas Ginearálta ar Staitisticí

Soláthraíonn Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána staitisticí do thréimhse an athbhreithnithe 2021. Tá figiúirí bunaithe ar shonraí PULSE (Atreoruithe Óige a cruthaíodh maidir le daoine óga idir 12 agus 17 mbliana d'aois amhail an 15 Márta 2022.

B'fhéidir nach ionann figiúirí céatadáin i gcásanna áirithe agus 100% mar gheall ar shlánú luachanna aníos go dtí slánuimhreacha.

**A) Atreoruithe Bliantúla**

- Rinneadh 15,090 atreorú chuig an gClár Athstiúrtha in 2021, ar laghdú é seo i gcomparáid leis na 16,301 atreorú in 2020.

**B) Leanaí a Atreoraíodh**

- Rinneadh 15,090 leanbh a atreorú in 2021, ar méadú 4% é seo i gcomparáid le 2020 (8,169 leanbh atreoraithe).


**C) Oiriúnacht chun páirt a ghlacadh sa Chlár**

- Measadh go raibh 1,219 leanbh, ar an iomlán, Mí-Oiriúnach (UTCO) don chlár in 2021. Is ionann seo agus laghdú 16% i gcomparáid le 2020 (1,441).

## Atreoruithe Bliantúla

Rinneadh 15,090 atreorú chuig an gClár Athstiúrtha in 2021, ar laghdú 7.4% é seo i gcomparáid le 2020 (16,301 atreorú).

### Líon na nAtreoruithe 2012-2021




Déileáladh le 35% de na hatreoruithe trí Rabhadh Neamhfhoirmiúil agus déileáladh le 3% díobh trí Rabhadh Foirmiúil. D’eascair moladh UTCO as 27% de na hatreoruithe agus d’eascair moltaí eile as 11%*.

| Moladh | Iomlán | % den Iomlán |
|---|---|---|
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | 5,336 | 35% |
| Rabhadh Foirmiúil | 3,552 | 24% |
| Mí-Oiriúnach | 4,106 | 27% |
| Rabhadh Aisiríoch | 416 | 3% |
| Eile* | 1,680 | 11% |
| **Iomlán** | **15,090** | **100%** |


** Áiríodh le ‘Eile’ 898 atreorú neamhiomlán ag tráth an scríofa (an 15 Márta 2022), 750 atreorú ina ndearnadh an moladh ‘Níor Sásaíodh na Critéir’ agus 32 atreorú ina ndearnadh an moladh ‘Comhdháil Alt 29’.*

## Moltaí Atreoraithe an Chláir Athstiúrtha

Eisíodh 69% de na moltaí a bhain le Rabhadh Neamhfhoirmiúil do leanaí nach bhfuair ach atreorú amháin in 2021. I gcás na saghsanna uile eile molta, ba iad tromlach na leanaí iad siúd a fuair breis agus atreorú amháin in 2021. Eisíodh 86% de na moltaí UTCO do leanaí a fuair breis agus atreorú amháin in 2021.

Tugadh 416 Rabhadh Aisiríoch in 2021, ar laghdú é seo anuas ó 716 Rabhadh Aisiríoch in 2020, arb ionann agus laghdú 42% é seo.  Tá an laghdú seo mar thoradh go ndeachaigh Oifigigh Idirchaidrimh don Óige ar scor in 2020 agus 2021, ónar eascair moill ar a bhfolúntais a líonadh agus ar oiliúint a chur ar dhaoine eile. Chuathas i ngleic leis seo agus cuirtear san áireamh é ag pointe 5 sna moltaí don bhliain 2022.


Measadh go raibh 1,219 leanbh, ar an iomlán, mí-oiriúnach sa chás seo amháin (UTCO) in 2021. Is ionann seo agus laghdú 16% i gcomparáid le líon 2020 (1,441).



## Aois na Leanaí a Atreoraíodh

Buachaillí a bhí i gceist le 78% de na leanaí a atreoraíodh agus cailíní a bhí i gceist le 22% díobh. Níor atreoraíodh 68% (5,773) de na leanaí a atreoraíodh in 2021 roimh 2021. Tháinig laghdú ar an gcomhréir leanaí a bhí á n-atreorú den chéad uair in 2021 de réir mar a chuaigh an aois i méid.


### Aois na Leanaí a Atreoraíodh in 2021




*Nóta: is ionann luachanna % ar na barraí gorma agus an chomhréir de na leanaí uile a atreoraíodh in 2021. Léiríonn luachanna % ar bharraí corcra an chomhréir leanaí de réir aoise a atreoraíodh den chéad uair in 2021.*

I dtaobh na n-aoiseanna uile, ní bhfuair tromlach na leanaí ach atreorú amháin ach tháinig laghdú beag ar an gcomhréir seo de réir mar a chuaigh an aois i méid (fuair thart ar 78% de leanaí 12/13 bliana d'aois agus 72% de leanaí 14-17 mbliana d'aois atreorú amháin, faoi mar a mbeadh súil leis mar gheall ar mhéaduithe ar an tréimhse ama).

### Comnhréir na nAtreoruithe a Cruthaíodh in 2021 de réir Aoise agus Atreoruithe Iomlána an Duine



# Ceartas Aisiríoch

## Sainmhíniú ar Cheartas Aisiríoch


Foráiltear in Alt 26 d'Acht na Leanaí, 2001 d'íospartach a bheith i láthair ag rabhadh foirmiúil a cheadaíonn próiseas a chur ar bun ina nglacann an duine óg le freagracht as a n-iompar ciontaithe agus ina mbíonn siad cuntasach dóibh siúd a ndearna siad díobháil dóibh. Tugtar an deis don íospartach go léirítear meas ar a ndearcthaí trí chasadh leis an duine óg aghaidh ar aghaidh nó go ndéanann duine eile ionadaíocht dá ndearcthaí. Ciallaíonn seo, in ionad díriú ar thoradh ceartais choiriúil a bhaint amach do leanbh a rinne cion, dírítear go príomha ar an díobháil a rinneadh don íospartach a chur ina ceart agus an leanbh a chomhtháthú athuair isteach sa phobal. Trí eispéireas an íospartaigh a bhailíochtú agus tríd an leanbh a chomhtháthú athuair isteach ina bpobal, baineann ceartas aisiríoch torthaí níos fearr amach don chiontóir, cruthaíonn sé baol níos lú go ndéanfar athchiontú, agus baineann sé torthaí níos dearfaí amach d'íospartaigh agus is éifeachtaí atá sé, i gcleachtas, i dtaobh costais de agus téann sé chun sochair folláine chleachtóra agus caidreamh pobail níos fearr.

## Cuspóir an Cheartais Aisiríoch

Sa chás go dtreoraíonn Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha go bhfuil Rabhadh Aisiríoch le riar, is deis atá ann déileáil le hiompar linbh agus é a aithint go poiblí ar bhealach a chiallaíonn go bhfuil an leanbh cuntasach agus, ag an am céanna, a chinntiú go mbíonn an t-íospartach á bhailíochtú agus go mbíonn an díobháil atá déanta dó/di aitheanta.

Tugadh 416 Rabhadh Aisiríoch in 2021, ar laghdú é seo anuas ó 716 Rabhadh Aisiríoch in 2020, agus arb ionann agus laghdú 42% é seo. Tá an laghdú seo mar thoradh go ndeachaigh Oifigigh Idirchaidrimh don Óige ar scor in 2020 agus 2021, ónar eascair saincheisteanna maidir le folúntais a líonadh agus ar oiliúint a chur ar dhaoine eile. Chuathas i ngleic leis seo agus cuirtear san áireamh é i Moladh 5 don bhliain 2022.

### Líon na Rabhadh Aisiríoch 2012-2021



# Tionscadail Athstiúrtha Óige

## Foireann Forbartha Dea-Chleachtais (BPDT) YDP

Is é cuspóir YDP an BPDT torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine óga a ghlacann páirt go náisiúnta i dTionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána trí thacaíocht leanúnach a sholáthar d'oibrithe, CBORanna agus an Garda Síochána maidir le seirbhís ardchaighdeáin YDP a sholáthar, atá bunaithe ar thaighde agus dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Aithníodh go raibh gá leis na tacaíochtaí seo, a cuireadh ar fáil i dtosach tríd an Tionscnamh Dea-Chleachtais (an BPI) a bhainistigh Foróige, trí anailís bhonnlíne a rinneadh ar YDPanna (Redmond, 2009). Bunaíodh é in 2010 agus ba é cuspóir an BPI feabhas a chur ar chleachtas in YDPanna. In 2015, scaoil Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig le cistiú le tacaíocht ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, chun beirt oibrithe páirtaimseartha a fhostú. Forbairt uathúil é seo laistigh den earnáil óige a bhfuil cur chuige ilghníomhaireachta aige chun plean comhroinnte a sholáthar ar mhaithe leis na daoine óga ar rannpháirtithe iad i measc na YDPanna uile go náisiúnta. Faoin mbliain 2020, bhí ceathrar foirne lánaimseartha a bhainistigh Foróige, Obair d'Ógra Éireann, Gaillimh agus Crosscare agus an Líonra Neamhspleách YDPanna, san fhoireann ilghníomhaireachta seo, a sholáthair tacaíochtaí agus oiliúint d'oibrithe i measc na YDPanna go léir.

Déanann an Coiste Comhairleach Náisiúnta YDPanna maoirseacht ar obair BPDT an YDP. Is éard atá sa Choiste seo ionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt (an RDC), an Garda Síochána, Ollscoil Luimnigh (UL) agus ionadaithe ó eagraíochtaí pobalbhunaithe a bhainistíonn YDPanna, Foróige, Obair d'Ógra Éireann, Crosscare, Extern agus iad siúd a dhéanann ionadaíocht do YDPanna a bhainistíonn EPBanna. Cuireann an Coiste Comhairleach Náisiúnta YDPanna meicníocht ar fáil don RDC, an Garda Síochána, UL agus gach EPB chun comhoibriú a dhéanamh leis an BPDT YDP maidir le YDPanna a fhorbairt go straitéiseach. Anuas air sin, cuireann an Coiste deiseanna ar fáil chun foghlaim agus eolas a roinnt idir EPBanna, an RDC agus an Garda Síochána agus díriú ar chleachtas a fhorbairt ar fud an líonra YDPanna, a fheabhsóidh torthaí do dhaoine óga agus teaghlaigh a ghlacann páirt sna YDPanna go náisiúnta.

Tríd an BPDT YDP, bíonn teacht ag na hoibrithe go léir ar chlár oiliúna náisiúnta atá ceaptha ní hamháin na scileanna agus an saineolas riachtanach a thabhairt don fhoireann, ach chun a gcleachtas a fhorbairt agus a fheabhsú níos mó trí phróisis éagsúla mhachnamhacha.

**Áiríodh le heispéiris foghlama an BPDT YDP a soláthraíodh d'Oibrithe um Cheartas i leith an Aosa Óig in 2021:**

- Oiliúint/ceardlanna d'Oibrithe um Cheartas i leith an Aosa Óig ar Leibhéal Seirbhíse Oige/ Fardal Bainistíochta Cásanna SV agus 2.0 (YLS/CMI SV agus 2.0), arb é sin an uirlis náisiúnta mheasúnaithe riosca/gátair a úsáideann na YDPanna uile. Áiríodh le tacaíochtaí

eile chun cabhrú leis an uirlis seo a chur i bhfeidhm go leanúnach ceardlanna feabhais ar chleachtas agus staidéar le scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a chomhaontaíonn cinnteoirí aonair (iontaofacht comhghrádaitheoirí). Bhain gach Oibrí um Cheartas i leith an Aosa Óig ar fud na tíre leas as tacaíochtaí YLS i gcaitheamh na bliana, agus cuireadh tacaíocht bhreise ar fáil do bhainisteoirí líne faoi mar a theastaigh agus ba chuí.

- Ceardlann nua 'Obair le YDPanna' a fhorbairt agus a éascú i gcomhar leis an GYDB leis na próisis reatha atreoraithe, mheasúnaithe agus rannpháirtíochta le OIÓanna a fhiosrú. D'fhreastail 14 OIÓ agus Sáirsintí OIÓ ó áiteanna fud fad na tíre ar an gceardlann seo.
- D'fhreastail 64 Oibrí um Cheartas i leith an Aosa Óig ar oiliúint ar Dhearadh Clár atá Dírithe ar Thorthaí i gcaitheamh na bliana, lena chur ar chumas na foirne pleanáil éifeachtach a dhéanamh ar aon dul le riachtanais ar leith a YDPanna.
- Dearadh ranganna teagaisc um pleanáil don rath (an Plean Bliantúil), chun cabhrú le YDPanna pleananna bliantúla a chríochnú a dheartar ar aon dul le staitisticí faoi choireacht áitiúil a sholáthair an GSAS. Soláthraíodh iad seo do gach YDP agus soláthraíodh tacaíocht leantach mar ba ghá.
- Oiliúint ar agallóireacht inspreagtha agus Ceardlanna a Fhiosraíonn an Fhearg, le feabhas a chur ar fhreagairtí do shaincheisteanna áitiúla trí idirghabháil a sholáthar go héifeachtach. D'fhreastail 68 agus 64 rannpháirtí, faoi seach, orthu seo.
- D'fhreastail Oibrithe um Cheartas i leith an Aosa Óig ó 20 YDP i gcaitheamh na bliana ar Cheardlanna 'Níos Láidre le Chéile' leis na treoirlínte a fhiosrú le haghaidh comhpháirtíocht éifeachtach idir OIÓanna an Gharda Síochána agus YDPanna.

**Buaicphointí Oibre BDPT 2021**

Dearadh samhail shaincheaptha Chleachtais Aisiríoch i gcomhar le hOllscoil Uladh in 2019/2020, ina ndearnadh infheistíocht in Oiliúint a chur ar Oiliúnóirí agus ina raibh roinnt Oibrithe um Cheartas i leith an Aosa Óig ar fáil chun tacú leis an oiliúint seo a sholáthar ar fud an líonra YDPanna. Ceapadh i dtosach go ndéanfaí an oiliúint seo a éascú i bpearsan agus rinneadh an tsamhail seo a oiriúnú in 2021 don chomhthéacs ar líne a chinntigh gur tosaíodh an tabhairt isteach náisiúnta a beartaíodh. Tá ball foirne amháin, ar a laghad, i mbreis agus leath de na YDPanna faoi láthair ar ar cuireadh oiliúint sa tSamhail Chleachtais Aisiríoch shaincheaptha seo agus leanfar leis an tsamhail a thabhairt isteach go náisiúnta in 2022.

Lean YDP an FFDC le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm leanúnach na huirlise Riosca/Measúnaithe Riachtanais agus Pleanála Cásanna YLS/CMI 2.0 i measc na YDPanna go léir in 2021, agus leanadh le hobair ar struchtúr a fhorbairt chun tacú leis an aistriú chuig ardán ar líne go gairid amach anseo.

D’fhorbair an BPDT YDP agus an Garda Síochána *‘Níos Láidre le Chéile: Treoirlínte do Chomhpháirtíocht Éifeachtach idir Oifigigh Idirchaidrimh don Óige an Gharda Síochána agus Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána’* in 2017. I ndiaidh gur cuireadh na treoirlínte seo i bhfeidhm go rathúil, thosaigh an BPDT YDP agus an GYDB próiseas ina soláthraítear tacaíochtaí do CBORanna YDP agus do Chathaoirligh Choiste an Gharda Síochána, a thosaigh le próiseas comhairliúcháin in 2021, agus ar lean roinnt tacaíochtaí breise é, atá á bhforbairt faoi láthair.

Bhí an fhoireann bainteach sa bhreithmheas ar na Pleananna Bliantúla YDP don bhliain 2020 agus 2021, a sholáthraíonn aiseolas mionsonraithe do na YDPanna go léir ar chomhtháthú a bplean, agus é ar intinn feabhas a chur ar chur i bhfeidhm an chláir reatha oibre agus aon phleananna amach anseo a fhorbairt.

Leanadh le hobair freisin ar na tionscnaimh Luath-Idirghabhála agus Tacaíochta Teaghlaigh, a thacóidh leis na tionscadail i dtaobh struchtúr agus dhíriú na hoibre as seo amach.

Leanann an BPDT YDP chomh maith ag oibriú i gcomhar leis an bhfoireann REPPP in Ollscoil Luimnigh maidir le taighde leanúnach ar ghníomh sna YDPanna, agus leanfaidh siad ag oibriú go comhoibritheach de réir mar a thagann an taighde seo chun cinn.

**Treo Amach Anseo**

Anuas ar an réimse eispéiris foghlama a luadh roimhe seo, áirítear le limistéir eile ar a ndírítear don BPDT YDP in 2022:

- Tacú leis an Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021-2027 a chur i bhfeidhm.
- Ardán cuimsitheach ar líne le feabhas a chur ar agus cur le soláthar tacaíochta agus oiliúna reatha agus nua a éascú don líonra.
- Cur le forbairt leanúnach straitéiseach cuimsitheach YDPanna trí bhaint a bheith sa Choiste Comhairleach Náisiúnta YDPanna.
- Tacaíocht agus comhairliúchán a sholáthar don Roinn Dlí agus Cirt maidir le réimse saincheisteanna a bhaineann le beartas.
- Tacaíocht leanúnach a sholáthar d’oibrithe YDP, CBORanna agus an Garda Síochána maidir le seirbhís ardchaighdeáin YDP a sholáthar go leanúnach, atá bunaithe ar thaighde agus dea-chleachtas idirnáisiúnta.
- Oibriú i gcomhar leis an tionscadal REPPP chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí ar fud an chórais, fianaise a ghiniúint agus anailís chun eolas a chur ar fáil do chinnteoireacht straitéiseach sa chóras ceartais i leith an aosa óig.

# Meabhairshláinte Óige

Rinne an GYDB, i gcomhar le hOspidéal Eoin Baiste, Clár nua Garchabhair Mheabhairshláinte Óige a fhorbairt agus a thabhairt isteach i rith 2021 don fhoireann túslíne, OIÓanna, Gardaí Pobail, bainistíocht an Gharda Síochána, Oiliúnóirí um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach agus Sainagallóirí Leanaí ina measc.

Cuireadh oiliúint ar bheirt teagascóirí an Gharda Síochána mar oiliúnóirí agus beartaítear oiliúint a chur ar bheirt chomhghleacaithe eile an Gharda Síochána mar oiliúnóirí in 2022.

Dearadh an Clár Garchabhair Mheabhairshláinte Óige do dhaoine fásta a chónaíonn le, a oibríonn le nó a thacaíonn le daoine óga idir 12 agus 18 mbliana. Foghlaimíonn rannpháirtithe conas cabhrú le duine óg a d'fhéadfadh bheith thíos le fadhb mheabhairshláinte nó le géarchéim mheabhairshláinte go dtí go dtugann gairmí cuí cabhair dóibh nó go dtí go réitítear an ghéarchéim, trí úsáid a bhaint as plean gníomhaíochta praiticiúil fianaisebhunaithe.

Cumhdaíonn an clár ábhair ar nós an mhéid seo a leanas:

- Fadhbanna Meabhairshláinte i measc na hÓige Éireannaí
- Forbairt Ógánach
- Garchabhair Mheabhairshláinte agus Daoine Óga
- Dúlagar i measc Daoine Óga
- Neamhoird Itheacháin i measc Daoine Óga
- Síocóis i measc Daoine Óga
- Fadhbanna Úsáide Substaintí i measc Daoine Óga
- Garchabhair do Ghéarchéimeanna Meabhairshláinte

Tacaíonn an t-aiseolas ó na rannpháirtithe go léir leis an gclár dhá lá a thabhairt isteach ar fud an Gharda Síochána, mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

# Moltaí an Choiste Monatóireachta

## Tuarascáil ar dhul chun cinn ar Mholtaí 2021 an Choiste Monatóireachta a chur i bhfeidhm

Seo a leanas moltaí Choiste 2021:

1. Moltaí ó Thuarascáil Scrúdaithe an Gharda Síochána ar Atreorú Óige Náisiúnta a chur chun feidhme go hiomlán laistigh de na hamfhrámaí atá sonraithe sa Phlean Gníomhaíochta Cur Chun Feidhme [2019-2021].

2. Leanúint le tuairisciú ar dhul chun cinn ar chur chun cinn agus ar an tuiscint eagraíochta ar Chlár Athstiúrtha an Gharda Síochána laistigh den Gharda Síochána trí oiliúint agus cruinnithe faisnéise ar líne spriocdhírithe a reáchtáil do gach comhalta den Gharda Síochána agus foireann uile an Gharda Síochána.

3. Athbhreithniú agus comhdhlúthú a dhéanamh ar chreat beartais agus ar threoirlínte cleachtais a bhaineann go sonrach le ról atá ar fáil don fhoireann go léir laistigh den Gharda Síochána.

4. Leanúint le cur leis an Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021-2027 ar gach leibhéal i rith 2021, agus díriú ar ghníomhartha a bhaineann go sonrach le riaradh an Chláir Athstiúrtha.

5. Leanúint le hathbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar Thionscnamh Leanaí faoi Chúram Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána.

6. Na feidhmeanna reatha rialachais agus monatóireachta a úsáid le saincheisteanna agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a mhaolú ar bhealach tráthúil, mar chuid de Straitéis Bainistíochta Riosca an Bhiúró.

7. Treochtaí i gcionta agus déimeagrafaic ó Mhárta 2020 a scrúdú, a d'fhéadfadh teacht aníos i gcomhthráth le Covid-19 agus an tionchar a imríonn siad ar dhaoine i rith na tréimhse a fhiosrú.

8. Oiliúint idirghabhála agus cleachtais aisiríoch agus oiliúint ionduchtúcháin a phleanáil agus leanúint lena soláthar do OIÓanna.

9. A chinntiú go líontar folúntais ar leibhéal OIÓ an Gharda Síochána agus Sáirsint OIÓ de réir mar a thagann siad aníos.

## 1. Cur i bhfeidhm na Moltaí ó Thuarascáil Scrúdaithe an Gharda Síochána ar Atreorú Óige Náisiúnta a chríochnú go hiomlán laistigh de na hamfhrámaí atá sonraithe sa Phlean Gníomhaíochta Cur Chun Feidhme [2019-2021].

Chuathas i mbun gnímh i leith na Moltaí uile ó Thuarascáil Scrúdaithe an Gharda Síochána ar Atreorú Óige Náisiúnta agus tugadh chun críche iad i rith 2021. Tá na moltaí anois mar chuid de ghnó mar is gnách agus déantar monatóireacht ar fheabhsúcháin a dhéantar ar leibhéal oibríochtúil ar leibhéal Náisiúnta agus Roinne araon. Limistéar gnó ar a ndéantar príomhshruthú anois í Ógchoireacht agus an Clár Athstiúrtha agus tuigeann na páirtithe leasmhara uile a róil agus a bhfreagrachtaí. Déantar soláthar sa Chlár Rioscaí d'aon riosca féideartha i leith sholáthar seirbhíse an Bhiúró.

## 2. Tuairisciú ar dhul chun cinn ar chur chun cinn agus ar an tuiscint eagraíochta ar Chlár Athstiúrtha an Gharda Síochána laistigh den Gharda Síochána trí oiliúint agus cruinnithe faisnéise ar líne spriocdhírithe a reáchtáil do gach comhalta den Gharda Síochána agus foireann uile an Gharda Síochána.

Scaipeadh cáipéisí Treorach Cleachtais ar an bhfoireann túslíne, lena n-áirítear:

- Comhalta Imscrúdaithe Atreoraithe Óige a Chruthú - Grafaic Faisnéise
- Riarthóir PAF Atreoraithe Óige a Chruthú - Grafaic Faisnéise
- Leabhrán Eolais an GYDB do Riarthóirí PAF - Tuarascálacha OIÓ
- Léarscáil den Phróiseas Atreoruithe Óige do Chionta COVID 19 agus úsáid á baint as FPN

Glacadh le cur chuige foghlama cumaisc, modúil ríomhfhoghlama éigeantacha ag a bhfuil ráta críochnaithe 71% san eagraíocht (amhail an 14 Iúil 2022) agus cruinnithe faisnéise oibríochtúla i bpearsan san áireamh do Sháirsintí a bhfuil ardú céime faighte acu le déanaí sa Chúrsa Forbartha Sáirsintí, a seiceáladh i dtaobh tuisceana ag pearsanra taithíoch.

## 3. Athbhreithniú agus comhdhlúthú a dhéanamh ar chreat beartais agus ar threoirlínte cleachtais a bhaineann go sonrach le ról atá ar fáil don fhoireann go léir laistigh den Gharda Síochána.

Rinne an GYDB cáipéisí treoirlíne agus eolais a fhorbairt, a athbhreithniú agus a scaipeadh i rith 2021 ar an bhfoireann túslíne oibríochtúil. Áirítear leo seo roinnt grafaicí faisnéise maidir leis an bPróiseas Cruthaithe Atreoraithe Óige le treoir bhreise maidir le nós imeachta a sholáthar.

Rinneadh na cáipéisí eolais seo a forbraíodh do chomhaltaí oibríochtúla an Gharda Síochána agus d'fhoireann an Gharda Síochána a fhoilsiú ar Thairseach an Gharda Síochána agus i measc foilseacháin éagsúla sna meáin inmheánacha.

Tá cáipéisí eolais agus treorach ar an GYDB, Oifig Aoischárta agus ar na Tionscadail Athstiúrtha Óige ar fáil freisin ar www.garda.ie. Tá Tuarascálacha Bliantúla 'an Choiste a Ceapadh chun Monatóireacht a Dhéanamh ar Éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha ó 2012 go 2019' ar fáil, chomh maith, ar an láithreán gréasáin i mBéarla agus i nGaeilge araon.

## 4. Leanúint le cur leis an Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021-2027 ar gach leibhéal i rith 2021, agus díriú ar ghníomhartha a bhaineann go sonrach le riaradh an Chláir Athstiúrtha.

Déanann an Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021-2027 beartas agus cleachtas um cheartas i leith an aosa óig a chur chun cinn. Príomhpháirtí leasmhar faoin straitéis é an Garda Síochána. Suíonn an fhoireann ón GYDB ar an YJOG oibríochtúil agus déantar ionadaíocht don Gharda Síochána ar leibhéal Coimisinéara Chúnta sa Ghrúpa Stiúrtha Rialachais agus Straitéise. Déanann an Garda Síochána na gníomhartha seo a leanas a stiúradh:

- Cuirfimid oiliúint shonrach ar fáil do ghairmithe ar fáil atá bainteach sa chóras dlí choiriúil chun buntacú le seirbhísí éifeachtacha a sholáthar, forbairt san áireamh, faoi mar is cuí, ar mhodúil oiliúna ildisciplíneacha.
- Neartóimid beartais agus cleachtais an Gharda Síochána le haghaidh Athstiúrtha agus póilíneachta i gcoitinne, agus seasfaimid le prionsabal sárleasanna leanaí agus daoine óga, agus an difríocht in aois agus aibíocht, an tionchar a imríonn míbhuntáiste agus feasacht ar éagsúlacht á gcur san áireamh.

- Neartóimid oibriú na nósanna imeachta reatha le haghaidh Athstiúrtha chun moilleanna a íoslaghdú agus le próisis chinnteoireachta atá go hiomlán curtha ar an eolas agus atá trédhearcach a chinntiú.
- Cinnteoimid go ndéileáiltear go hiomlán le gach cás coiriúil ina mbíonn leanaí agus daoine óga bainteach, cibé acu má thugtar cead isteach nó a mhalairt dóibh sa Chlár Athstiúrtha.
- Déanfaimid athbhreithniú ar na háiseanna agus na nósanna imeachta i Stáisiúin Ghardaí agus i gCúirteanna agus tagairt á déanamh d'oibleagáidí faoi Chuid 6 agus Cuid 7 d'Acht na Leanaí.

## 5. Leanúint le hathbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar Thionscnamh Leanaí faoi Chúram Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána.

Bronntar tábhacht mhór sa Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021-2027 ar oiliúint agus tacaíocht túslíne agus luaitear i gCuspóir Straitéiseach 1.8, "*Oibreoimid i gcomhar chun socruithe a chur ar fáil do chomhoibriú neartaithe idir gníomhaireachtaí chun cleachtais éifeachtacha a scaipeadh agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear... dul sa tóir ar thacaíochtaí agus ar oiliúint éifeachtach d'fhoireann na líne tosaigh.*"

Tá an GYDB ag oibriú faoi láthair le Cúram Cónaithe agus Quality Matters Tusla le tionscadal a sholáthar. Cleachtas atá Curtha ar an Eolas ag Tráma (TIP). Soláthróidh an tionscadal oiliúint ar TIP chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an imríonn nó nach n-imríonn seo tionchar ar na rudaí seo a leanas:

- An teagmháil a laghdú a dhéanann daoine óga leis an gcóras dlí choiriúil
- Teagmhais (ionsaitheacht, foréigean etc.) a laghdú
- Éalú a laghdú
- Measúnú foirne ar shábháilteacht agus ar cháilíocht/thionchar/chultúr oibre i measc Gardaí agus fhoireann Tusla araon.

Tá riachtanas straitéiseach ann cleachtais atá curtha ar an eolas ag tráma a thabhairt isteach i measc cleachtóirí túslíne. Luaitear sa Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021-2027 sa mhír a bhaineann le hoiliúint agus tacaíocht túslíne go dtacaíonn obair an Bhiúró ina leith seo leis an straitéis, a bhfuil de chuspóir aici oibriú i gcomhar chun socruithe a chur ar fáil do chomhoibriú neartaithe idir gníomhaireachtaí chun cleachtais éifeachtacha a scaipeadh agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna tábhachtacha téamacha, cosúil le míchumas agus riachtanais speisialta, mí-úsáid substaintí, néara-éagsúlacht, tráma, agus meabhairshláinte.

Déanfar measúnú ar an tionchar a imríonn an tsamhail trí thaighde agus comhairliúchán deascbhunaithe le gairmithe rannpháirteacha. Forbrófar plean iomlán measúnaithe lena n-áireofar sonraí cáilíochtúla, cainníochtúla agus comhpháirtithe seachtracha.

## 6. Na feidhmeanna reatha rialachais agus monatóireachta a úsáid le saincheisteanna agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a mhaolú ar bhealach tráthúil, mar chuid de Straitéis Bainistíochta Riosca an Bhiúró.

Déanann Aonad Monatóireachta an GYDB maoirseacht ar atreoruithe óige a thabhairt chun cinn agus a phróiseáil go tráthúil chomh fada leis an toradh deiridh, gan aird ar cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh duine óg san áireamh sa Chlár Athstiúrtha.

Leanann an tAonad Monatóireachta le maoirseacht a dhéanamh go náisiúnta trí thuarascálacha PULSE ar KPIanna. Déantar rianú sna tuarascálacha ar chomhaid a sheoltar chuig Oifig Stiúrtha an Chláir Athstiúrtha agus tugtar chun solais iontu limistéir bhuartha óna dteastaíonn aird leantach. Sannadh an Cigire, ar leibhéal Roinne, do ról monatóireachta agus maoirseachta agus gníomhaíonn siad mar oifigeach idirchaidrimh idir an Rannán agus an GYDB. Glacann gach cigire le ról oifigeach idirchaidrimh idir an GYDB agus an rannán. Tacaíonn an ról maoirseachta seo le dea-rialachas an phróisis atreoraithe, cuntasacht, línte soiléire tuairiscithe agus le comhaid cháis, tuarascálacha, rabhaidh agus ionchúisimh a thabhairt chun cinn go tráthúil tríd an gcóras. Soláthraítear tuarascálacha ráithiúla agus bliantúla do na Cigirí seo chun cabhrú le maoirseacht agus rialachas áitiúil.

Leanann an tAonad Monatóireachta le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an GISC agus le páirtithe leasmhara eile atá bainteach sa phróiseas atreoraithe óige lena chinntiú go réitítear aon rioscaí ar bhealach tráthúil.

## 7. Treochtaí i gcionta agus déimeagrafaic ó Mhárta 2020 a scrúdú, a d'fhéadfadh teacht aníos i gcomhthráth le COVID-19 agus an tionchar a imríonn siad ar dhaoine i rith na tréimhse a fhiosrú.

Sholáthair an GSAS tuarascáil don GYDB. Déanfaidh an Coiste Monatóireachta, i gcomhoibriú le REPPP, iniúchadh níos grinne ar thuarascálacha staitistiúla ar chiontú óige i rith tréimhse COVID-19 le scrúdú dhéanamh ar cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann aon imeachtaí ó na gnáth-threochtaí go sonrach leis na cúinsí a chruthaigh srianta COVID-19 nó rudaí a thugann le fios gur tháinig athruithe níos ginearálta ar phatrúin iompair.

**8. Oiliúint idirghabhála agus cleachtais aisiríoch agus oiliúint ionduchtúcháin a phleanáil agus leanúint lena soláthar do OIÓanna.**

Atosaíodh an oiliúint agus tugadh cúrsaí um cheartas aisiríoch agus idirghabhála isteach d'fhoireann nuacheaptha OIÓ agus an GYDB. Reáchtáladh Cúrsa Oiliúna don Oiliúnóir i gCleachtais Aisiríocha agus tá 6 OIÓ cáilithe anois le hoiliúint a chur ar iontrálaithe nua i gcleachtais aisiríocha.

Tá Comhdháil OIÓ agus Oiliúint Ionduchtúcháin OIÓ sceidealaithe le titim amach in 2022.

**9. A chinntiú go líontar folúntais ar leibhéal OIÓ an Gharda Síochána agus Sáirsint OIÓ de réir mar a thagann siad aníos.**

Tá 4 fholúntas ann faoi láthair do OIÓ.

Tá 16 OIÓ nuacheaptha ann ó 2020.

## Moltaí an Choiste don bhliain 2022

Tar éis measúnú a dhéanamh ar na moltaí ó 2021, agus ar na nuashonruithe agus an anailís staitistiúil a soláthraíodh sa tuarascáil, agus lena chinntiú go mbíonn gach aon rud ar aon dul leis an Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021-2027, cuireann an Coiste na moltaí seo a leanas ar fáil don bhliain 2022:

1. Comhdháil Oiliúna d'Oifigigh Idirchaidrimh a thionól in 2022.

2. Tacú le cumarsáid agus comhoibriú níos fearr idir gníomhaireachtaí agus comhlachtaí taighde leis an úsáid a bhaintear as sonraí agus taighde a uasmhéadú le heolas a chur ar fáil do bheartas um cheartas i leith an aosa óig, faoi mar a luaitear sa Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021-2027.

3. An Clár Athstiúrtha a chur chun cinn agus eolas a sholáthar do riarthóirí an Chreata um Chuntasacht Feidhmíochta (PAF) maidir lena ról sa phróiseas atreoraithe.

4. Oibriú le hIonad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána (an GISC) le seimineár oiliúna a fhorbairt do riarthóirí PAF.

5. An úsáid a bhaintear as Ceartas Aisiríoch a mhéadú agus baint a bheith ag an íospartach mar chuid den phróiseas rabhaidh faoin gClár Athstiúrtha.

6. Leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh le Coláiste an Gharda Síochána le cuir i láthair a sholáthar do Sháirsintí agus Cigirí ar tugadh ardú céime le déanaí dóibh maidir lena ról sa Chlár Athstiúrtha.

7. Leanúint le hathbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar Thionscnamh Leanaí faoi Chúram Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána.

8. Leanúint le cur leis an Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig 2021-2027 ar gach leibhéal i rith 2022, agus díriú ar ghníomhartha óna dteastaíonn gníomh ón nGarda Síochána ar gach leibhéal.